AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.12.2024
COM(2024) 582 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna tabhairt don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna tabhairt don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair

1. RÉAMHRÁ

I Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] leagtar síos ceanglais chineálcheadaithe le haghaidh feithiclí a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair. Is é is aidhm dó an líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú go suntasach ar bhóithre an Aontais trí theicneolaíochtaí sábháilteachta úrscothacha a thabhairt isteach mar threalamh feithicle caighdeánach, agus chun iomaíochas monaróirí carranna san Aontas a fheabhsú ar an margadh domhanda tríd an gcéad chreat dlíthiúil AE riamh a sholáthar i gcomhair feithiclí uathoibrithe agus feithiclí lán-uathoibrithe.

Chun a chuspóirí a bhaint amach, le Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le líon áirithe ábhar a liostaítear in Airteagal 12(2) agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal sin, i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE.

2. BUNÚS DLÍ

Le hAirteagal 4(3) agus (6) agus Airteagal 6(6) de Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 12.

Le hAirteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2144, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis na hábhair a liostaítear ann ar feadh tréimhse 5 bliana ón 5 Eanáir 2020. Ina theannta sin, cuireann sé de cheangal ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana.

Déanfar na cumhachtaí tarmligthe a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhse comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

[1]IO L 325, 16.12.2019 lch. 1.

An chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle í a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh agus ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana (Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2019/2144).

Le Rialachán (AE) 2019/2144 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis na hábhair seo a leanas:

a) chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán a leasú d'fhonn dul chun cinn teicniúil agus forbairtí rialála a chur san áireamh trí thagairtí do na Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, agus sraith leasuithe ábhartha, a mbeidh feidhm acu ar bhonn éigeantach, a thabhairt isteach agus a thabhairt cothrom le dáta (Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/2144);
b) chun Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán a leasú d'fhonn dul chun cinn teicniúil agus forbairtí rialála a chur san áireamh, go háirithe maidir leis na nithe a liostaítear i bpointí (a) go (f) de mhír 5 d'Airteagal 4 agus freisin maidir leis na nithe dá dtagraítear i bpointí (a) go (g) d'Airteagal 6(1), Airteagal 7(2), (3), (4) agus (5), Airteagal 9(2), (3) agus (5) agus Airteagal 11(1), agus d'fhonn ardleibhéal sábháilteachta ginearálta sna feithiclí, sna córais, sna comhpháirteanna agus sna haonaid theicniúla ar leithligh mar aon le hardleibhéal cosanta do na daoine atá sna feithiclí agus d'úsáideoirí soghonta bóthair a áirithiú, trí thagairtí do Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus freisin do ghníomhartha tarmligthe agus do ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin (Airteagal 4(6) de Rialachán (AE) 2019/2144) a thabhairt isteach agus a thabhairt cothrom le dáta;
c) chun rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le próisis shonracha tástála agus ceanglais shonracha theicniúla i ndáil leis an méid seo a leanas:
    - cineálcheadú feithiclí i ndáil leis na hardchórais feithicle seo a leanas: cúnamh cliste luais, éascú suiteáil chomhghlasála a thomhaiseann alcóil, rabhadh codlatachta agus aire tiománaí, ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí, comhartha stop éigeandála, brath cúlaithe, agus taifeadán sonraí teagmhais;
    - cineálcheadú an chúnaimh chliste luais, an bhraith cúlaithe agus an taifeadáin sonraí teagmhais mar aonaid theicniúla ar leithligh (Airteagal 6(6) de Rialachán (AE) 2019/2144).

Sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, rachaidh sé i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (Airteagal 12(4) de Rialachán 2019/2144).

A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, tabharfaidh sé fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi (Airteagal 12(5) de Rialachán (AE) 2019/2144).

Faoi Airteagal 12(6) de Rialachán (AE) 2019/2144, ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(3) agus (6) agus Airteagal 6(6) i bhfeidhm ach amháin mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle aon agóid in iúl laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar síneadh 2 mhí a chur leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

3.1. Gníomhartha tarmligthe arna nglacadh

Le linn na tréimhse tagartha, d'fheidhmigh an Coimisiún na cumhachtaí tarmligthe trí na seacht ngníomh seo a leanas a ghlacadh a liostaítear i roinn 2 thuas:

1) **Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1958 ón gCoimisiún** an 23 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na nósanna imeachta sonracha tástála agus na ceanglais shonracha theicniúla i ndáil le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca lena gcórais chliste um chúnamh luais agus i ndáil le cineálcheadú na gcóras sin mar aonaid theicniúla ar leithligh agus lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin[2].
2) **Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1243 ón gCoimisiún** an 19 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú i mótarfheithiclí agus lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin[3].
3) **Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1341 ón gCoimisiún** an 23 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis na próisis shonracha tástála agus ceanglais shonracha theicniúla i ndáil le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca lena gcórais rabhaidh codlatachta agus aire tiománaí agus lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán[4] sin.
4) **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/545 ón gCoimisiún** an 26 Eanáir 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na nósanna imeachta sonracha tástála agus na ceanglais shonracha theicniúla i ndáil le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca lena dtaifeadán sonraí teagmhais agus i ndáil le cineálcheadú na gcóras sin mar aonaid theicniúla ar leithligh agus lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin [5].
5) **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1398 ón gCoimisiún** an 8 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun an dul chun cinn teicniúil agus na forbairtí rialála a chur san áireamh a bhaineann le leasuithe ar Rialacháin d'Fheithiclí arna nglacadh i gcomhthéacs Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip [6].
6) **Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2590 ón gCoimisiún** an 13 Iúil 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

[2] IO L 409, 17.11.2021, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/1958/oj
[3] IO L 272, 30.7.2021, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/1243/oj
[4] IO L 292, 16.8.2021, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/1341/oj
[5] IO L 107, 6.4.2022, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/545/oj
[6] IO L 213, 16.8.2022, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1398/oj

gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na nósanna imeachta sonracha tástála agus na ceanglais shonracha theicniúla i ndáil le cineálcheadú mótarfheithiclí áirithe i dtaca lena n-ardchórais rabhaidh do sheachmall tiománaí agus lena leasaítear an Rialachán sin [7].

7) **Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2220 ón gCoimisiún** an 26 Iúil 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na nósanna imeachta sonracha tástála agus na ceanglais shonracha theicniúla i ndáil le cineálcheadú mótarfheithiclí tromshaothair i dtaca lena dtaifeadán sonraí teagmhais agus i ndáil le cineálcheadú na gcóras sin mar aonaid theicniúla ar leithligh agus lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin [8].

Na ceanglais theicniúla agus na rialacha mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta sonracha tástála i ndáil le cineálcheadú feithiclí maidir leis an gcomhartha stop éigeandála agus leis an mbrath cúlaithe, leagtar síos iad i Rialacháin Uimh. 48 agus Uimh. 158 ó na Náisiúin Aontaithe, rialacháin dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144 arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1398 ón gCoimisiún (a liostaítear thuas).

Tá faisnéis maidir leis na gníomhartha tarmligthe uile ar fáil don phobal i gClár Idir-Institiúideach na nGníomhartha Tarmligthe[9].

3.2. Comhairliúchán sula nglacfar iad

Agus na gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú ag an gCoimisiún, chuaigh sé i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha (ag an Meitheal um Mótarfheithiclí), trí chruinnithe saineolaithe tiomnaithe rialta agus trí chomhairliúcháin i scríbhinn. Rinneadh na doiciméid a bhaineann leis na comhairliúcháin a tharchur go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. D'fhormhuinigh Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Mótarfheithiclí na leaganacha deiridh de na gníomhartha tarmligthe.

3.3. Gan aon agóid maidir leis na gníomhartha tarmligthe

De réir Airteagal 12(6) de Rialachán (AE) 2019/2144, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe faoi Airteagal 4(3) agus (6) agus Airteagal 6(6) laistigh de thréimhse 2 mhí ón dáta a thugtar fógra faoin ngníomh, tréimhse ar féidir síneadh 2 mhí eile a chur léi ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Ní dhearna Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid i gcoinne na ngníomhartha tarmligthe atá luaite faoi alt 3.1. thuas agus dá bhrí sin foilsíodh na gníomhartha agus tháinig siad i bhfeidhm ag deireadh na tréimhse agóide.

[7] IO L, 2023/2590, 22.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2590/oj
[8] IO L, 2024/2220, 2.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2220/oj
[9] https://webgate.ec.europa.eu/regdel/#/home?lang=ga

4. CONCLÚID

Measann an Coimisiún gur fheidhmigh sé na cumhachtaí tarmligthe a tugadh dó laistigh de na teorainneacha agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/2144.

Measann an Coimisiún gur gá síneadh a chur leis na cumhachtuithe toisc go mbeidh gá le tuilleadh gníomhartha tarmligthe amach anseo, chun na tagairtí do na Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe in Iarscríbhinn I agus na tagairtí do ghníomhartha rialála a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144 a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith le nithe eile, agus chun athbhreithniú a dhéanamh, más gá, ar na ceanglais theicniúla a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe a liostaítear i roinn 3.1. thuas. Dréachtghníomh tarmligthe lena ndéantar Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144 a thabhairt cothrom le dáta chun forbairtí rialála a chur san áireamh a mhéid a bhaineann le leasuithe a dhéanamh ar Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe atá ann cheana agus na Rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe arna nglacadh ag an bhFóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí, ar fóram de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip é, táthar á ullmhú faoi láthair agus tá sé beartaithe é a ghlacadh sa chéad ráithe de 2025.

Leis an tuarascáil seo, comhlíonann an Coimisiún an ceanglas tuairiscithe faoi Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2144. Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an Tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.